2023/2710 5.12.2023

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2710 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Meán Fómhair 2023

## lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta don chlár Erasmus+ a bhunú

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+ ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/817 lenar bunaíodh an clár Erasmus+ (an 'Clár'), leagtar síos, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir lena chuspóirí ginearálta agus sonracha a bhaint amach, cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 de.

(2) Na táscairí sin, cé go bhfuil siad oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní leor iad chun faireachán agus meastóireacht a chumasú go cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí an Chláir agus ar bhaint amach a chuspóirí. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta.

(3) Ba cheart na táscairí sin aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir a thomhas, agus na ceanglais maidir le tuairisciú agus meastóireacht atá ann cheana a bunaíodh le hAirteagail 23 agus 24 de Rialachán (AE) 2021/817 á gcur san áireamh.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2021/817, chuathas i gcomhairle leis na saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát agus ag na tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Táscairí an chreata faireacháin agus meastóireachta agus ceanglais maidir le tuairisciú**

Beidh na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ina bhforlíonadh ar na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/817 a mhéid a bhaineann le haschuir, torthaí agus tionchair an Chláir.

Déanfar na táscairí a thomhas mar a leanas:

(a) ar bhonn bliantúil, a mhéid a bhaineann leis na táscairí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/817 agus a mhéid a bhaineann leis na táscairí i bpointí 1 agus 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) na táscairí tionchair dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar iad a thomhas mar chuid den mheastóireacht eatramhach agus den mheastóireacht deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/817.

([1]) Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Táscairí breise a mhéid a bhaineann le creat faireacháin agus meastóireachta chlár Erasmus+ 2021-2027 dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/817**

Déanfar tomhais na dtáscairí cainníochtúla a imdhealú, i gcás inarb iomchuí, de réir tíre, inscne agus cineál gnímh agus gníomhaíochta.

1. **Táscairí aschuir**

1.1. Sciar na ngníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chlaochlú digiteach, lena n-áirítear na Cúrsaí Oiliúna le haghaidh Deiseanna Digiteacha, faoi phríomhghníomhaíocht 1;

1.2. Sciar na dtionscadal lena dtugtar aghaidh ar chuimsiú agus éagsúlacht faoi phríomhghníomhaíocht 2;

1.3. Sciar na dtionscadal lena dtugtar aghaidh ar chlaochlú digiteach faoi phríomhghníomhaíocht 2;

1.4. Sciar na dtionscadal lena dtugtar aghaidh ar rannpháirteachas agus rannpháirtíocht saoránach faoi phríomhghníomhaíocht 2;

1.5. Líon na n-eagraíochtaí ar lú an taithí acu atá rannpháirteach sa Chlár faoi phríomhghníomhaíochtaí 1 agus 2.

2. **Táscairí toraidh**

2.1. Sciar na rannpháirtithe sa tsoghluaisteacht foghlama a mheasann gur fearr a thuigeann siad cuimsiú agus éagsúlacht ina sochaí féin anois agus/nó atá níos tiomanta bheith ag obair in aghaidh an idirdhealaithe, na héadulaingthe, na seineafóibe agus an chiníochais;

2.2. Sciar na rannpháirtithe sa tsoghluaisteacht foghlama a mheasann gur fhoghlaim siad faoin gcomhshaol, faoin aeráid agus faoi shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus/nó a d'athraigh a gcuid nósanna le bheith níos inbhuanaithe;

2.3. Sciar na rannpháirtithe sa soghluaisteacht foghlama a mheasann gur fhoghlaim siad faoi bhealaí nua úsáideacha le teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm agus/nó a bhfuil fonn orthu iad a úsáid ina gcuid staidéir nó ina gcuid oibre;

2.4. Sciar na rannpháirtithe sa tsoghluaisteacht foghlama a mheasann gur fhoghlaim siad níos mó faoin Eoraip, faoin Aontas Eorpach agus faoi luachanna Eorpacha agus/nó a bhfuil níos mó suime acu a bheith rannpháirteach i dtoghcháin, i bpróisis dhaonlathacha eile agus sa saol ina bpobal áitiúil féin;

2.5. Líon na ndaoine ar lú na deiseanna atá acu scoláireachtaí Erasmus Mundus a fháil.

3. **Táscairí tionchair**

3.1. Acmhainneacht mhéadaithe na n-eagraíochtaí;

3.2. Rannchuidiú le forbairt beartais, straitéisí agus comhar i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt.